Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/1016

17.2.2026

**Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún** (1)

(C/2026/1016)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

**(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)**

**'Listrac-Médoc'**

**Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0276-AM03 — 25.11.2025**

1. **Ainm an táirge**

   'Listrac-Médoc'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

   ☑ ATFC

   ☐ TGFC

   ☐ TG

3. **Earnáil**

   ☐ Táirgí talmhaíochta

   ☑ Fíonta

   ☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

   an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

   *Ainm*

   An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

   Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

   Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

   Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Listrac-Médoc' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

   (a) níl athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gceist leis;

   (b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

   (c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

   Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú formheasta caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

*Teideal*

Athruithe a bhaineann leis an táirgeacht

*Tuairisc*

Leasaíodh an táirgeacht údaraithe agus an teorainn táirgeachta uasta a leagtar síos i sonraíocht an ATFC 'Listrac-Médoc'. Faoi láthair, is é 57 hl/ha an táirgeacht údaraithe agus is é 63 hl/ha an teorainn táirgeachta uasta.

Ba mhaith le grúpa iarrthach an ainmniúcháin an táirgeacht údaraithe a laghdú go 54 hl/ha agus an uasteorainn táirgeachta a shocrú ag 64 hl/ha, i gcomhréir le cúrsaí mar atá siad ar an talamh.

Is chun coinníollacha níos sriantaí ná mar atá i gcás an ATFC 'Haut-Médoc'a shocrú é sin, atá ar leibhéal níos ísle i struchtúr pirimide na n-ainmniúchán agus ag a bhfuil táirgeacht údaraithe 55 hl/ha agus uasteorainn táirgeachta 65 hl/ha. Leis sin, beifear in ann áit cheart an ATFC 'Listrac-Médoc' a shocrú i ndáil leis an ATFC 'Haut-Médoc' i struchtúr na n-ainmniúchán. Dá bhrí sin, leagtar síos san iarratas coinníollacha táirgthe níos sriantaí ar an iomlán i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le hainmniúcháin a struchtúrú arna leagan síos ag an gcoiste náisiúnta.

Comhlíonann an tsonraíocht 'Listrac-Médoc' coinníollacha uile na sonraíochta 'Haut-Médoc'.

Leasaíodh an pointe seo a leanas den doiciméad aonair: Uastáirgeacht:

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Forálacha coiteanna nua a chur isteach

*Tuairisc*

Ba mhaith le grúpa táirgeoirí an ainmniúcháin go gcuirfí an ceanglas deimhniúcháin comhshaoil seo a leanas isteach sa tsonraíocht táirge:

Táirgí a bhfuil an marc cáilíochta agus aitheantais tionscnaimh 'Listrac-Médoc' orthu (*signe d'identification de la qualité et de l'origine*, SIQO), ní mór dóibh teacht ó cheachtar díobh seo a leanas:

— gabháltas atá deimhnithe le haghaidh feirmeoireacht orgánach ar a bhfuil saoráid táirgeachta ar eisíodh an marc cáilíochta agus sainaitheantais tionscnaimh atá i gceist ina leith;

— gabháltas a bhfuil deimhniú comhshaoil leibhéal 3 aige de bhun an Chóid Tuaithe agus Iascaireachta Muirí (*Code rural et de la pêche maritime*, CRPM);

— gabháltas a bhfuil deimhniú comhshaoil leibhéal 2 aige de bhun an Chóid Tuaithe agus Iascaireachta Muirí (*Code rural et de la pêche maritime*, CRPM);

— gabháltas a chomhlíonann nós imeachta a aithnítear go hiomlán mar nós imeachta atá coibhéiseach le deimhniú comhshaoil leibhéal 2 de bhun an Chóid Tuaithe agus Iascaireachta Muirí (CRPM);

— gabháltas a chomhlíonann nós imeachta a aithnítear go páirteach mar nós imeachta atá coibhéiseach le deimhniú comhshaoil leibhéal 2 le haghaidh saoráide ina gcomhlíonann táirgeadh ceanglais an mhairc cáilíochta agus aitheantais tionscnaimh de bhun an Chóid Tuaithe agus Iascaireachta Muirí (CRPM).

Tá an méid breise sin i gcomhréir leis an aidhm inbhuanaitheacht an ainmniúcháin a áirithiú mar chuid de chur chuige atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus a chomhlíonann ionchais tomhaltóirí.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

An Cód Geografach a Thabhairt Cothrom le Dáta

*Tuairisc*

Rinneadh na bardais a áirítear sa limistéar atá díreach in aice láimhe a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2024. Ní athraíonn an leasú sin limistéar geografach an ainmniúcháin.

Leasaíodh an pointe seo a leanas den doiciméad aonair: Tuilleadh ceanglas is infheidhme.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Tagairtí

*Tuairisc*

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de l'origine et de la qualité*, INAO) cothrom le dáta.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

**Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíonta**

**'Listrac-Médoc'**

**Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0276-AM03 — 25.11.2025**

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Listrac-Médoc'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach críochaithe**

an Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

*Táirge fíniúna*

Fíonta dearga

*Tréithe orgánaileipteacha*

Cuma

Forchoimeádtar an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Listrac-Médoc' d'fhíonta socra dearga.

Bíonn dath dúdhearg ar fhíonta 'Listrac-Médoc'.

Dea-bholadh

Bíonn fíonta 'Listrac-Médoc' tainneach agus déantar iad den chuid is mó as cumaisc Merlot N, an príomhchineál fíniúna, agus Cabernet Sauvignon N. Bíonn na cineálacha Petit Verdot N agus Cabernet Franc N sa chumasc uaireanta, bíonn Cot N agus Carmenère N ann freisin ach ní chomh minic céanna.

Blas

Saintréith de na fíonta sin, atá oiriúnach lena n-aosú, is ea cumhacht thainneach in éineacht le maothlachas sa bhéal, atá nasctha le hiomadúlacht an chineáil Merlot N – gné ar leith d'fhíonghoirt leithinis Médoc.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

| | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | — |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) | — |
| Aigéadacht iomlán íosta | — |
| Aonad aigéadachta iomláine íosta | milleachoibhéisí in aghaidh an lítir |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | — |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) | — |

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta. Níl neart alcóil iomlán de réir toirte níos mó ná 13,5 % ag na fíonta tar éis saibhrithe. Tá cion uasta aigéid mhalaigh 0,30 ghram nó níos lú in aghaidh an lítir ag gach baisc fíona a dhíoltar ar an mórchóir nó i bpacáistíocht. Tá méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) 2 ghram nó níos lú in aghaidh an lítir ag gach baisc fíona a dhíoltar ar an mórchóir nó i bpacáistíocht. Tá cion aigéadachta luainí 13,26 milleachoibhéis nó níos lú in aghaidh an lítir (0,65, arna léiriú mar $H_2SO_4$) ag gach baisc fíona a dhíoltar, ar an mórchóir nó i bpacáistíocht, roimh an 1 Deireadh Fómhair sa bhliain tar éis bhliain na buainte. I ndiaidh an dáta sin, tá an cion aigéadachta luainí socraithe ag16,33 milleachoibhéis in aghaidh an lítir (0,98 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar $H_2SO_4$). Tá cion iomlán dé-ocsaíde sulfair 140 milleagram in aghaidh an lítir, nó níos lú ná sin, ag gach baisc fíona a dhíoltar ar an mórchóir. Comhlíonann na luachanna anailíseacha eile, mar réamhshocrú, reachtaíocht an Aontais.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Dlús plandaithe agus scaradh plandaí

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

Modh fáis

Tuairisc:

Is é 7 000 planda in aghaidh an heicteáir ar a laghad an dlús plandaithe. Is é 1,50 méadar nó níos lú an spás a fhágtar idir na sraitheanna. Is é 0,70 méadar ar a laghad an spás a fhágtar idir plandaí sa tsraith chéanna.

Cleachtas fíoneolaíoch

Rialacha maidir le prúnáil

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

Modh fáis

Tuairisc:

Tá an phrúnáil sainordaitheach. Déantar í ag céim na nduilleog neamhfhillte (céim 9 Lorenz) ar a dhéanaí. I gcás fíniúnacha a chuirtear níos faide ná 0,80 m óna chéile i sraith, úsáidtear na modhanna prúnála seo a leanas: — prúnáil dhá chána, prúnáil Guyot dhúbailte nó prúnáil Médoc, agus cúig bhachlóg ar a mhéad i gceist in aghaidh an chána; — Guyot aonair nó Guyot measctha, agus seacht mbachlóg ar a mhéad i gceist in aghaidh na fíniúna; — prúnáil spoir, feanphrúnáil chuig ceithre ghéag nó dhá thródam, agus 12 bhachlóg ar a mhéad i gceist in aghaidh na fíniúna, nó chuig tródam amháin, agus seacht mbachlóg ar a mhéad i gceist in aghaidh na fíniúna. I gcás fíniúnacha a chuirtear idir 0,70 m agus 0,80 m óna chéile i sraith, ceadaítear prúnáil chuig tródam amháin, feanphrúnáil chuig ceithre ghéag ar a mhéad agus prúnáil Guyot shimplí. Anuas air sin, níor cheart níos mó ná seacht mbachlóg a bheith i gceist in aghaidh na fíniúna.

Cleachtas fíoneolaíoch

Saibhriú

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch:

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc:

- Ceadaítear teicnící laghdúcháin saibhrithe suas le ráta tiúchana 15 %. Tar éis an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 13,5 %.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíon dearg

Uastáirgeacht:

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht | 64 |
| Aonad uastáirgeachta: | heictilítir in aghaidh an heicteáir |

## 8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Cabernet Franc N

— Cabernet Sauvignon N

— Carmenère N

— Merlot N

— Petit Verdot N

## 9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

1. *Limistéar geografach*

Buantar na fíonchaora agus déantar na fíonta, forbraítear agus aosaítear iad ar chríoch an bhardais seo a leanas de chuid roinn Gironde, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2022: Listrac-Médoc.

2. *Limistéar dáileachta talún críochaithe*

Ní mór na fíonta a dhéanamh as fíonchaora a fhástar ar dháileachtaí talún atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta, mar a d'fhormheas an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de l'origine et de la qualité*) ag cruinniú bhuanchoiste an choiste náisiúnta ábhartha an 25 Márta 2014.

Cuireann an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta na léarscáileanna lena mbunaítear teorainneacha dháileachtaí talún an limistéir táirgeachta, a formheasadh dá réir sin, faoi bhráid halla baile Listrac-Médoc.

## 10. **Nasc leis an limistéar geografach**

*Catagóir an táirge fíniúna*

1. Fíon

*Achoimre ar an nasc*

Rinne glúnta saothróirí fíniúna saothrú go cumasach ar thalamh fíonsaothrúcháin Listrac-Médoc. Le himeacht ama, d'athraigh cleachtais saothraithe éagsúla comhdhéanamh ithreach an limistéir fáis go mór, rud a chuir le cothromaíocht agus le hiompraíocht agranamaíoch shonrach na hithreach agus a chuir barr feabhais ar a hacmhainn draenála. Níor athraigh an dul chun cinn atá déanta i ndáil le sláinte plandaí agus meicniúchán fíonghort bunús na modhanna saothraithe, arb é is aidhm dóibh fíonta dearga iomráiteacha atá oiriúnach lena n-aosú a tháirgeadh. I gcomhréir leis na cleachtais a leagtar amach cheana féin i bhForaithne an 8 Meitheamh 1957 lenar sainíodh an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Listrac', eisiatar ó limistéar na dáileachta talún críochaithe ithreacha hidreamorfacha, ithreacha méithe doimhne ag a bhfuil cúltaisce láidir d'uisce úsáideach agus ithreacha atá comhdhéanta de ghaineamh dubh húmais nach bhfuil aon ghrádán iontu, agus a luíonn go minic ar chiseal de choincréitithe iarainn cruaite ar a dtugtar 'alios' go háitiúil. I measc na limistéar eile a eisiatar ón limistéar dáileachta talún a ainmnítear le haghaidh an táirgthe tá boinn na ngleannlínte, codanna íochtaracha de dháileachtaí talún cuasacha agus limistéir in aice le srutháin a bhfuil baol ann go gcruinneoidh aer fuar iontu san earrach, lena ngabhann baol seaca agus an baol go n-aibeoidh fíonchaora déanach. Níor léir uathúlacht 'Listrac-Médoc' nó gur thosaigh a shaintréithe ag teacht chun cinn de réir a chéile, tharla sin den chuid is mó mar gheall ar na cineálacha fíniúna a roghnaíodh agus na modhanna saothraithe a úsáideadh. Sa lá atá inniu ann, is é an cineál Merlot N, ar cineál an-léiritheach é nuair a fhástar in ithreacha cré-aolchloiche é, is mó a bhraitear sa mheascán cineálacha. Ar ithreacha atá gairbhéalach den chuid is mó, cuirtear leis an gcineál Cabernet-Sauvignon N é, agus le Petit Verdot N agus le Cabernet Franc N ó am go ham. Chuir na bunchumaisc cineálacha sin go mór le sainiúlacht na bhfíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh. Teastaíonn cur chuige roghnaitheach maidir le bainistiú fíonghort mar gheall ar an éagsúlacht sin. Tá teorainn curtha leis an uaslíon bachlóg a fhágtar nuair atáthar ag prúnáil, rud a bhraitheann ar an modh prúnála a roghnaítear, tá teorainn curtha freisin leis an meánualach uasta bairr in aghaidh na dáileachta talún. San fhíonlann, ní mór fáscadh na bhfíonchaor tiubhaithe a dhéanamh go réidh, rud a chiallaíonn go dtoirmisctear fáisceáin leanúnacha ina bhfuil péist-ghiarthiomáint. Ach oiread le hainmniúcháin tionscnaimh eile ar leithinis Médoc, aithníodh na 'crus' ó bhardas Listrac-Médoc sna haicmiúcháin éagsúla eastát a tarraingíodh suas ó bhí an 17ú agus an 18ú céad ann. Tugtar aitheantas in aicmiúchán 1932 ar fhíonta 'crus bourgeois' do 28 eastát 'Listrac-Médoc', lena n-áirítear 8 'Crus Bourgeois Supérieurs'. I ndiaidh na dtréimhsí géarchéime agus athstruchtúraithe fíonghort sna 1950í agus sna 1960í, is cosúil gur sheas fíonta 'Listrac-Médoc' an fód go maith. Gan aon amhras, ba le cruthú an ainmniúcháin tionscnaimh 'Listrac-Médoc' arbh fhéidir scothaicme a chaomhnaithe a neartaigh an clú agus an tóir a bhí ar an ainmniúchán 'bardasach' sin, mar is léir ó cheannacháin fíonghort sna 1970í ag infheisteoirí ar mhór leo fíonta den scoth.

## 11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

*Teideal an cheanglais/an mhaolaithe*

An limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Cuimsítear sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas de roinn Gironde, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Márta 2024: Arcins, Arsac, Avensan, Blanquefort, Castelnau-de-Médoc, Cissac-Médoc, Cussac-Fort-Médoc, Labarde, Lamarque, Ludon-Médoc, Macau, Margaux-Cantenac, Moulis-en-Médoc, Parempuyre, Pauillac, Le Pian-Médoc, Saint-Estèphe, Saint-Julien-Beychevelle, Saint-Laurent-Médoc, Saint-Sauveur, Saint-Seurin-de-Cadourne, Soussans, Le Taillan-Médoc agus Vertheuil.

*Teideal an cheanglais/an mhaolaithe*

An limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Cuimsítear sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le forbairt agus aosú na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas i roinn Gironde, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Márta 2024: Abzac, Aillas, Ambarès-et-Lagrave, Ambès, Anglade, Arbanats, Arcins, Arsac, Les Artigues-de-Lussac, Artigues-près-Bordeaux, Arveyres, Asques, Aubiac, Auriolles, Auros, Avensan, Ayguemorte-les-Graves, Bagas, Baigneaux, Barie, Baron, Barsac, Bassanne, Bassens, Baurech, Bayas, Bayonsur-Gironde, Bazas, Beautiran, Bégadan, Bègles, Béguey, Bellebat, Bellefond, Belvès-de-Castillon, Bernos-Beaulac, Berson, Berthez, Beychac-et-Caillau, Bieujac, Les Billaux, Birac, Blaignac, Blaignan-Prignac, Blanquefort, Blasimon, Blaye, Blésignac, Bommes, Bonnetan, Bonzac, Bordeaux, Bossugan, Bouliac, Bourdelles, Bourg, Le Bouscat, Branne, Brannens, Braud-et-Saint-Louis, La Brède, Brouqueyran, Bruges, Budos, Cabanac-et-Villagrains, Cabara, Cadarsac, Cadaujac, Cadillac, Cadillac-en-Fronsadais, Camarsac, Cambes, Camblanes-et-Meynac, Camiac-et-Saint-Denis, Camiran, Camps-sur-l'Isle, Campugnan, Canéjan, Capian, Caplong, Carbon-Blanc, Cardan, Carignan-de-Bordeaux, Cars, Cartelègue, Casseuil, Castelmoron-d'Albret, Castelnau-de-Médoc, Castelviel, Castets et Castillon, Castillon-la-Bataille, Castres-Gironde, Caudrot, Caumont, Cauvignac, Cavignac, Cazats, Cazaugitat, Cénac, Cenon, Cérons, Cessac, Cestas, Cézac, Chamadelle, Cissac-Médoc, Civrac-de-Blaye, Civrac-de-Dordogne, Civrac-en-Médoc, Cleyrac, Coimères, Coirac, Comps, Coubeyrac, Couquèques, Courpiac, Cours-de-Monségur, Cours-les-Bains, Coutras, Coutures, Créon, Croignon, Cubnezais, Cubzac-les-Ponts, Cudos, Cursan, Cussac-Fort-Médoc, Daignac, Dardenac, Daubèze, Dieulivol, Donnezac, Donzac, Doulezon, Les Eglisottes-et-Chalaures, Escoussans, Espiet, Les Esseintes, Etauliers, Eynesse, Eyrans, Eysines, Faleyras, Fargues, Fargues-Saint-Hilaire, Le Fieu, Flaujagues, Floirac, Floudès, Fontet, Fossés-et-Baleyssac, Fours, Francs, Fronsac, Frontenac, Gabarnac, Gaillan-en-Médoc, Gajac, Galgon, Gans, Gardegan-et-Tourtirac, Gauriac, Gauriaguet, Générac, Génissac, Gensac, Gironde-sur-Dropt, Gornac, Gours, Gradignan, Grayan-et-l'Hôpital, Grézillac, Grignols, Guillac, Guillos, Guîtres, Le Haillan, Haux, Hure, Illats, Isle-Saint-Georges, Izon, Jau-Dignac-et-Loirac, Jugazan, Juillac, La Sauve, Labarde, Labescau, Ladaux, Lados, Lagorce, Lalande-de-Pomerol, Lamarque, Lamothe-Landerron, La Lande-de-Fronsac, Landerrouat, Landerrouet-sur-Ségur, Landiras, Langoiran, Langon, Lansac, Lapouyade, Laroque, Laruscade, Latresne, Lavazan, Léogeats, Léognan, Lesparre-Médoc, Lestiac-sur-Garonne, Les Lèves-et-Thoumeyragues, Libourne, Lignan-de-Bazas, Lignan-de-Bordeaux, Ligueux, Listrac-de-Durèze, Lormont, Loubens, Loupes, Loupiac, Loupiac-de-la-Réole, Ludon-Médoc, Lugaignac, Lugasson, Lugon-et-l'Ile-du-Carnay, Lussac, Macau, Madirac, Maransin, Marcenais, Margaux-Cantenac, Margueron, Marimbault, Marions, Marsas, Martignas-sur-Jalle, Martillac, Martres, Masseilles, Massugas, Mauriac, Mazères, Mazion, Mérignac, Mérignas, Mesterrieux, Mombrier, Mongauzy, Monprimblanc, Monségur, Montagne, Montagoudin, Montignac, Montussan, Morizès, Mouillac, Mouliets-et-Villemartin, Moulis-en-Médoc, Moulon, Mourens, Naujac-sur-Mer, Naujan-et-Postiac, Néac, Nérigean, Neuffons, Le Nizan, Noaillac, Noaillan, Omet, Ordonnac, Paillet, Parempuyre, Pauillac, Les Peintures, Pellegrue, Périssac, Pessac, Pessac-sur-Dordogne, Petit-Palais-et-Cornemps, Peujard, Le Pian-Médoc, Le Pian-sur-Garonne, Pineuilh, Plassac, Pleine-Selve, Podensac, Pomerol, Pompéjac, Pompignac, Pondaurat, Porchères, Porte-de-Benauge, Portets, Le Pout, Préchac,

Preignac, Prignac-et-Marcamps, Pugnac, Puisseguin, Pujols, Pujols-sur-Ciron, Le Puy, Puybarban, Puynormand, Queyrac, Quinsac, Rauzan, Reignac, La Réole, Rimons, Riocaud, Rions, La Rivière, Roaillan, Romagne, Roquebrune, La Roquille, Ruch, Sablons, Sadirac, Saillans, Saint-Aignan, Saint-André-de-Cubzac, Saint-André-du-Bois, Saint-André-et-Appelles, Saint-Androny, Saint-Antoine-du-Queyret, Saint-Antoine-sur-l'Isle, Saint-Aubin-de-Blaye, Saint-Aubin-de-Branne, Saint-Aubin-de-Médoc, Saint-Avit-de-Soulège, Saint-Avit-Saint-Nazaire, Saint-Brice, Saint-Caprais-de-Bordeaux, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Christoly-Médoc, Saint-Christophe-de-Double, Saint-Christophe-des-Bardes, Saint-Cibard, Saint-Ciers-d'Abzac, Saint-Ciers-de-Canesse, Saint-Cierssur-Gironde, Saint-Côme, Saint-Denis-de-Pile, Saint-Emilion, Saint-Estèphe, Saint-Etienne-de-Lisse, Saint-Exupéry, Saint-Félix-de-Foncaude, Saint-Ferme, Saint-Genès-de-Blaye, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Genèsde-Fronsac, Saint-Genès-de-Lombaud, Saint-Genis-du-Bois, Saint-Germain-de-Grave, Saint-Germain-de-la-Rivière, Saint-Germain-d'Esteuil, Saint-Germain-du-Puch, Saint-Gervais, Saint-Girons-d'Aiguevives, Saint-Hilaire-de-la-Noaille, Saint-Hilaire-du-Bois, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Blaignac, Saint-Jean-d'Illac, Saint-Julien-Beychevelle, Saint-Laurent-d'Arce, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Laurent-du-Bois, Saint-Laurentdu-Plan, Saint-Laurent-Médoc, Saint-Léon, Saint-Loubert, Saint-Loubès, Saint-Louis-de-Montferrand, Saint-Macaire, Saint-Magne-de-Castillon, Saint-Maixant, Saint-Mariens, Saint-Martial, Saint-Martin-de-Laye, Saint-Martin-de-Lerm, Saint-Martin-de-Sescas, Saint-Martin-du-Bois, Saint-Martin-du-Puy, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Médard-de-Guizières, Saint-Médard-d'Eyrans, Saint-Médard-en-Jalles, Saint-Michel-de-Fronsac, Saint-Michel-de-Lapujade, Saint-Michel-de-Rieufret, Saint-Morillon, Saint-Palais, Saint-Pardon-de-Conques, Saint-Paul, Saint-Pey-d'Armens, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Philippe-d'Aiguille, Saint-Philippe-du-Seignal, Saint-Pierre-d'Aurillac, Saint-Pierre-de-Bat, Saint-Pierre-de-Mons, Saint-Quentin-de-Baron, Saint-Quentin-de-Caplong, Saint-Romain-la-Virvée, Saint-Sauveur, Saint-Sauveur-de-Puynormand, Saint-Savin, Saint-Selve, Saint-Seurin-de-Bourg, Saint-Seurin-de-Cadourne, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Seurin-sur-l'Isle, Saint-Sève, Saint-Sulpice-de-Faleyrens, Saint-Sulpice-de-Guilleragues, Saint-Sulpice-de-Pommiers, Saint-Sulpice-et-Cameyrac, Sainte-Terre, Saint-Trojan, Saint-Vincent-de-Paul, Saint-Vincent-de-Pertignas, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Vivien-de-Médoc, Saint-Vivien-de-Monségur, Saint-Yzan-de-Soudiac, Saint-Yzans-de-Médoc, Sainte-Colombe, Sainte-Croix-du-Mont, Sainte-Eulalie, Sainte-Florence, Sainte-Foy-la-Grande, Sainte-Foy-la-Longue, Sainte-Gemme, Sainte-Hélène, Sainte-Radegonde, Salaunes, Salleboeuf, Les Salles-de-Castillon, Samonac, Saucats, Saugon, Sauternes, Sauveterre-de-Guyenne, Sauviac, Savignac, Savignac-de-l'Isle, Semens, Sendets, Sigalens, Sillas, Soulac-sur-Mer, Soulignac, Soussac, Soussans, Tabanac, Le Taillan-Médoc, Taillecavat, Talais, Talence, Targon, Tarnès, Tauriac, Tayac, Teuillac, Tizac-de-Curton, Tizac-de-Lapouyade, Toulenne, Le Tourne, Tresses, Uzeste, Valeyrac, Val-de-Livenne, Val de Virvée, Vayres, Vendays-Montalivet, Vensac, Vérac, Verdelais, Le Verdon-sur-Mer, Vertheuil, Vignonet, Villandraut, Villegouge, Villenave-de-Rions, Villenave-d'Ornon, Villeneuve, Virelade, Virsac agus Yvra.

*Teideal an cheanglais/an mhaolaithe*

Aonad geografach níos mó

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Féadfar an t-aonad geografach níos mó 'Vin de Bordeaux – Médoc' nó 'Grand Vin de Bordeaux – Médoc' a shonrú ar an lipéad. Ní fhéadfaidh méid na litreacha a úsáidtear a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena litrítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

**Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-f6d9d034-1fd3-40ff-a10b-fc965726676b